

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge**

**TUAIRISC**

**Coláiste an Eachréidh ,  
An Coiléar Bán,  
Baile Átha an Rí,  
Contae na Gaillimhe.**

**Uimhir Rolla: 76102K**

**Dáta na cigireachta: 26 Márta 2010**



**AN ROINN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

# TUAIRISC

## AR

### CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAeilGE

---

#### TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

#### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Bunaíodh Coláiste an Eachréidh faoi choimirce Coiste Ghairmoideachais Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2006. Is é seo an chéad iar-bhunscoil lán Ghaeilge a bunaíodh i gcontae na Gaillimhe chun freastal a dhéanamh ar scoláirí i mbunscoileanna lán Ghaeilge in abhantrach Bhaile Átha Rí. Tá rang ghrúpa amháin i ngach bliain ghrúpa sa timthriall sóisearach agus i mbliana tá an chéad ghrúpa ag tosú ar chlár na hArdeistiméireachta. Tá pleananna déanta an Idirbhliain a thabhairt isteach i gceann dhá bhliain agus cuireadh na tuismitheoirí nó caomhnóirí ar an eolas faoi seo dhá bhliain ó shin, mar is cuí.

Is de réir cumais mheasctha a eagraítear na rang ghrúpaí go léir agus tá ionchur laethúil ann don Ghaeilge ag formhór mór na mbliainghrúpaí. Cuirtear ranganna breise ar fáil do scoláirí atá ar bheagán Gaeilge agus do scoláirí atá fadhbanna foghlama aitheanta acu ag teacht le polasaí Gaeilge na scoile. Is céimí le Gaeilge an múinteoir atá ag múineadh sna ranganna príomh shruthaithe. Tugann an bhainistíocht gach spreagadh agus taca don roinn freastal ar oiliúint ghairmiúil leanúnach, cheardlanna inghairme de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéil (STDL) don Ghaeilge ina measc. Eagraíodh lá inseirbhíse iomláin scoile faoi mhúineadh na Gaeilge i gcomhthéacs an tumoideachais. Tréaslaítear leis an scoil a chuireann tábhacht oiliúint ghairmiúil leanúnach chun cinn sa scoil. Is inmholta leis an comhoibriú idir Coláiste an Eachréidh agus scoileanna eile sa scéim ghairmoideachais seo ó thaobh áiseanna agus acmhainní daonna a roinnt ar mhaithe leis an soláthar is fearr a chur ar fáil do na scoláirí.

Tá áiseanna an-maith sa scoil a thugann tacaíocht do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge. Tá ríomhaire le ceangal bhanda leathan ar fáil i ngach seomra maraon le clár idirghníomhach i roinnt seomraí. Tá fáil saoráideach ag na múinteoirí ar theilifíseáin, dhlúth dhioscaí, ar dhioscaí digiteacha ilúsáide (DDI) ar osteilgeoirí agus ar shonrathelgeoirí. Tá seomra ríomhaire chomh maith ach é a chur in áirithe. Tá roinnt mhaithe acmhainní bailithe ag an roinn agus déantar mar mholadh cur leis an mbailiúchán seo go leanúnach. Bheadh na liostaí acmhainní atá ar fáil do scoláirí iar-bhunscoile ar shuíomh na STDL agus suíomh [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) luachmhar mar phointí tagartha is forbairt á dhéanamh ar na hacmhainní teagaisc agus foghlama sa todhchaí.

Cuirtear deis ar fáil do na scoláirí páirt a ghlacadh i réimse leathan imeachtaí comh agus seacchuraclaim a bhíonn á reáchtáil ag an scoil, ag an gcoiste gairmoideachais nó ag eagraíochtaí ar nós Conradh na Gaeilge agus Gael Linn. Tá ard mholadh ag dul don scoil as na scoláirí a spreagadh páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo a shaibhríonn go mór le heispéireas na bhfoghlaimeoirí ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach ag teacht le ráiteas misean na scoile agus leis an bpolasaí Gaeilge.

## **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

Tá sé le moladh go bhfuil na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach do theagasc agus d'fhoghlaim na teanga forbartha laistigh de chreatlach an pholasaí iomláin scoile don teanga. Tréaslaítear leis an roinn an bhéim ar leith atá curtha ar inniúlacht na scoláirí a thabhairt chun barr feabhais thar na ceithre mhór scil teanga ag teacht le mór phrionsabail na siollabas. Moltar plean gnímh a dhearadh chun an teanga a chur chun cinn sa scoil ar mhaithe leis na haidhmeanna agus na cuspóirí atá sa pholasaí iomláin scoile maraon leis na cinn atá sa phlean Gaeilge a chur i gcrích. Bheadh sé tairbheach leis achar ama a chinntiú don phlean, chomh maith le baill na foirne a ainmniú chun na spriocanna a chur i gcrích. B'fhiú go mór don scoil comhcheangail daingean a fhorbairt le gluaiseacht na gaelscolaíochta agus go snaidhmí naisc bhreise le gaelcholáistí eile a fheidhmíonn i dtimpeallacht Bhéarla.

Is liosta topaicí leagtha amach de réir míosa atá sna pleananna curaclaim do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge. Cé go bhfuil cur síos maith ar cur chuigí agus cleachtais na roinne sa phlean chomh maith le béim ar an ngramadach a shintéis isteach leis na topaicí, rólghlacadh agus cluichí teanga a bheith mar eispéireas foghlama na scoláirí, moltar tuilleadh forbairt a dhéanamh ar na pleananna do na bliainghrúpaí éagsúla. I gcas na dtopaicí (1-14) atá leagtha amach mar churaclaim don timthriall sóisearach, luaitear mar mholadh an t-ábhar a bheith in oiriúint do chomhthéacs na scoile agus a bheith cothrom le dáta agus taithí saoil na bhfoghlaimeoirí. Tagann scoláirí chun na scoile seo ó chúlraí teanga eagsúla agus le leibhéil inniúlachta difriúla sa Ghaeilge acu dá réir. Ar mhaithe le freastal a dhéanamh ar na riachtanais eisiréimneacha teanga seo agus ag teacht le moltaí i lítríocht an tumoideachais, moltar clár dhroicead teanga a dhearadh chun inniúlacht agus féin-mhúinín sa teanga a thabhairt do na scoláirí do chomhthéacs an tumoideachais roimh dheireadh an chéad téarma den chéad bhliain. Moltar mar threoir is na pleananna curaclaim seo á bhforbairt na topaicí teagaisc agus na haidhmeanna foghlama, na modheolaíochtaí, na hacmhainní, na tréimhsí ama, agus na modhanna measúnaithe a bheith sonraithe iontu. Ar an gcaoi seo, beidh an phleanáil déanta chun an teanga a mhúineadh go téamach agus i mbealach comhtháite thar na gnéithe éagsúla do na siollabais ag teacht leis an gcur chuige atá molta sna siollabais Ghaeilge. Tá samplaí don phleanáil chomhtháite seo sna *Treoirlínte mar thaca le Múineadh an Chúrsa Leasaithe Litríochta* le Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM, 2004).

## **TEAGASC AGUS FOGHLAIM**

Bhain ard chaighdeán leis an bpleanáil ghearrthéarmach agus leis an ullmhúchán a bhí déanta do na ceachtanna go léir a breathnaíodh orthu i gcaitheamh na cigireachta. Bhí struchtúr maith mar shaintréith na gceachtanna ag teacht leis na spriocanna foghlama agus ar an iomlán d'fhorbraigh na ceachtanna i mbealach forásach. Tá sé le moladh gur roinneadh na cuspóirí foghlama leis na scoláirí ag tús na ranganna agus arís de réir mar a d'athraigh an mhír foghlama. Déantar mar mholadh seisiún faisnéisithe a dhéanamh leis na scoláirí ag pointí cuí le linn na gceachtanna chun

deis a chur ar fáil do na foghlaimeoirí an méid a bhí foghlamtha acu a léiriú nó a shoiléiriú. Is maith mar a éiríonn leis an gcleachtas seo mar cothaíonn sé neamhspleáchas sna foghlaimeoirí nuair a bhíonn orthu a dtorthaí foghlama féin a aithint. Bhí na fearais fhoghlama a bhí réitithe roimh ré an-mhaith agus chuir na sleamháin PowerPoint agus na bileoga oibre le rannpháirtíocht na scoláirí sna gníomhaíochtaí foghlama. I gcás rang amháin bhí bileog oibre idirdhealaithe in úsáid le tasc lárnach do na scoláirí go léir chomh maith le tasc sínithe dóibh siúd a chuir an croí thasc i gcrích roimh an am a bheith istigh. Tréaslaítear go láidir leis an gcur chuige difreáilte do chomhthéasc cumais mheasctha ach go háirithe.

Baineadh úsáid as réimse modheolaíochtaí maithe teagaisc agus foghlama sna ceachtanna go léir a breathnaíodh orthu i gcaitheamh na cigireachta. I rang amháin bhí cothromaíocht mhaith idir ionchur an mhúinteora agus gníomhaíochtaí na scoláirí chomh maith le héagsúlacht i méid na sprioc scileanna teanga a bhí comhtháite go téamach laistigh d'achar an cheachta. Rinneadh athdhaingniú ar obair aonair le tasc beirte inar cruthaíodh deiseanna fiúntacha cumarsáideacha do na scoláirí a gcuid scileanna ginchumais agus gabhchumais a chleachtadh chomh maith le foghlaim phiaraí a éascú. Tréaslaítear leis na teicnící teagaisc agus foghlama seo agus moltar úsáid níos forleithne a bhaint astu i ranganna eile. Bhí an amhránaíocht in úsáid mar straitéis chun foclóir na scoláirí a shaibhriú agus ba léir a éifeachtaí is a bhí an modh seo ón tuiscint soiléir a bhí ag na foghlaimeoirí ar bhrí na n-amhrán. Is innholta an dea-chleachtas seo.

Bhí rang athdhéanamh bunaithe ar an ngramadach mar ábhar ceachta le rang ghrúpa eile. Bhain caighdeán maith leis an láithriú uile ranga maraon leis an gclárú soiléir a rinneadh mar thaca leis. Thóg an mion chur síos a tugadh ar an bpointe gramadaí cuid mhaith ama ar an múinteoir na sonraith a chlárú agus ar na scoláirí a bhreacadh síos ina gcóipleabhair. Moltar mar chur chuige comhroghnach ar seo bileog athdhéanamh a ullmhú ar an sprioc ghramadach. Ar an gcaoi seo beidh níos mó ama ag na scoláirí an pointe a chleachtadh agus níos mó seansanna ag an múinteoir scafall a chuir ar fáil do scoláirí a fhaigheann a leithéid do thasc dúshlánach.

Cuireadh ceisteanna maithe dírithe ar scoláirí ar leith le rannpháirtíocht na scoláirí i bhformhór mór na ceachtanna. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as an modh ceistiúchán seo i gcaitheamh gach rang sa chaoi is nach mbeadh na foghlaimeoirí láidre ag freagairt tromlach na gceisteanna.

Bhí cumas riar ranga eiseamláireach in úsáid sna ranganna go léir le linn na cigireachta. Tugadh dearbhú spreagúil i gcónaí do cháilíocht na n-iarrachtaí is na dtuairimí a thug na scoláirí. Ghlac na scoláirí páirt go toilteanach sna gníomhaíochtaí ranga. Bhí ionchais arda foghlama agus iompraíochta mar shaintréith gach rang.

Tá sé innholta go raibh Gaeilge labhartha agus scríofa d'ard chaighdeán in úsáid sna ceachtanna go léir. Díríodh aird na scoláirí ar phointí foghraíochta agus canúna i rith na ranganna. Moltar an cur chuige seo a úsáid le haghaidh múineadh na gramadaí freisin. Is féidir sprioc phointe a roghnú ar feadh ceacht nó sraith de cheachtanna agus filleadh arís agus arís eile ar an bpointe gramadaí céanna i gcomhthéacs cumarsáideach an phíosa ina thagann an sprioc phointe aníos. Tiocfaidh laghdú ar an leadrán a bhaineann le ceacht dírithe go príomha ar an ngramadach agus déanfaidh na scoláirí sealbhú ar rialacha na gramadaí i mbealach céimiúil.

Bhí timpeallacht fhoghlama maith sa seomra ranga ina múintear formhór mór na ranganna Gaeilge. Bhí ábhar a bhaineann leis an nGaeilge agus le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar taispeáint ar bhallaí an tseomra. Bhí roinnt fógraí le feiceáil timpeall na scoile freisin. Déantar mar mholadh forbairt a dhéanamh ar mhéid na bhfógraí agus ar mhéid na bhfógraí buana atá tríd an scoil ina hiomláine.

## MEASÚNÚ

Bíonn scrúduithe coimreacha ag scoláirí iomláin na scoile faoi dhó i gcaitheamh na scoilbhliana. Cuirtear tuairisc chuig an mbaile bunaithe ar na scrúduithe coimreacha seo. Tugadh le fios i ndoiciméid a chur an scoil ar fáil go n-áirítear na ceithre mhór scil teanga sa mheastóireacht choimreach a chuirtear ar scoláirí. Tá an cleachtas seo le moladh agus moltar na tuismitheoirí nó caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le gnóthachtáil na scoláirí thar na scileanna teanga go léir.

Tá polasaí cuimsitheach obair bhaile agus dialann scoile forbartha ag an scoil. Déanann an múinteoir ranga bainistíocht ar na dialanna obair bhaile agus síníonn tuismitheoir an dialann go seachtainiúil. Baineann idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí úsáid as na dialanna mar mhodh cumarsáide leis. Tá na cur chuigí seo le moladh. Léirigh an sampla randamach de na dialanna a breathnaíodh orthu go raibh an obair bhaile á dtabhairt go rialta ach go raibh go leor béime ar an scríobh, ar an bhfoghlaim de ghlan mheabhair agus ar an athdhéanamh sa tasc a bhí tugtha. Cé go bhfuil sé seo ag teacht leis na treoracha atá sa pholasaí iomláin scoile don obair bhaile, luaitear mar mholadh athbhreithniú a dhéanamh ar seo le haghaidh múineadh teangacha agus éagsúlacht thar na scileanna teanga go léir a bheith sna tascanna obair bhaile. Dhéanfaidh an cur chuige seo athdhaingniú ar inniúlacht an scoláire sna scileanna go léir in áit tús áite a thabhairt do cheann amháin. Tá sé inmholta gur léirigh an sampla randamach de na dialanna a breathnaíodh orthu go raibh taifead á dhéanamh ar an obair bhaile i nGaeilge i mbeagnach gach ábhar, mar is cuí.

Bhí sé le feiceáil sna cóipleabhair a breathnaíodh orthu go randamach go raibh réimse maith oibre déanta a bhí ag gabháil le riachtanais na siollabas agus go raibh cleachtais mhaithe maidir le ceartúcháin le feiceáil iontu. Bhí ceartúcháin dírithe ar dhearmaid ghramadaí nó litrithe le feiceáil in obair na scoláirí. Thug formhór mór na gceartúchán treoir shoiléir ar an bhfoirm cheart den fhocal nó bhí an litriú ceart tugtha. Bhí ceartúcháin fhórasacha in úsáid freisin a thug treoracha soiléire chun foghlama do na scoláirí. Tá na cleachtais cheartúcháin seo le moladh mar ba léir go dtuigtear luach foghlama do na scoláirí ó phróiseas na gceartúchán. Déantar moladh amháin maidir le ceartúcháin: a bheith airdeallach faoi mhéid na pinn deirge a bhí le feiceáil i roinnt cóipleabhar i gcomhthéacs an tionchair dhiúltaigh a bhíonn ag a macasamhail ar inspreagadh intreach an fhoghlaim.

## ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh sa mheastóireacht:

- Tá soláthar an-fhabhrach agus tacaíocht mhaith tugtha do mhúineadh agus d'fhoghlaim na teanga sa scoil.
- Bhain ard chaighdeán leis an bpleanáil ghearrthéarmach agus leis an ullmhúchán a bhí déanta do na ceachtanna go léir a breathnaíodh orthu i gcaitheamh na cigireachta.
- Bhí réimse modheolaíochtaí maithe teagaisc agus foghlama in úsáid sna ceachtanna go léir agus bhí cumas riar ranga eiseamláireach mar shaintréith gach ceacht.
- Tá polasaí cuimsitheach obair bhaile agus dialann scoile forbartha ag an scoil maraon le córais mhaithe le haghaidh an mheasúnaithe, idir choimreach agus mhúnlaiteach. Bhí na cleachtais a bhí in úsáid i leith ceartúcháin le moladh freisin.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar plean gnímh a dhearadh chun an teanga a chur chun cinn sa scoil ar mhaithe leis na haidhmeanna agus na cuspóirí atá sa pholasáí iomláin scoile don Ghaeilge agus na cinn atá sa phlean Gaeilge a chur i gcrích.
- Luaitear mar mholadh na pleananna curaclaim fadthrémhseach a fhorbairt ina scéimeanna oibre reatha is comhthéacs tumoideachas na scoile a bheith go sonrach iontu.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.